AN ROINN FORBARTHA TUAITHE AGUS POBAIL RÁITEAS STRAITÉISE 2017-2020

An Roinn Forbartha
Tuaithe agus Pobail
Department of Rural and
Community Development

CLÁR ÁBHAR

1. Brollach leis an Aire
2. Réamhrá leis an Ard-Rúnaí
3. Ár Misean
4. An Timpeallacht Oibriúcháin
5. Ár Spriocanna Straitéiseacha
6. Ár Spriocanna a Bhaint Amach
7. Ár nGníomhaireachtaí
8. Ár Struchtúr

BROLLACH LEIS AN AIRE

Ina óráid le Dáil Éireann an 14 Meitheamh 2017, d'fhógair an Taoiseach, Leo Varadkar, T.D., go mbunófaí an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, agus tá onóir orm gur leagadh an fhreagracht orm an Roinn nua seo a stiúradh agus í ag tabhairt faoina misean chun cabhrú le pobail bheoga inbhuanaithe a thógáil fud fad na tíre.

Cinneadh tábhachtach do phobail tuaithe is ea cinneadh an Taoisigh chun an Roinn a bhunú. Leagann sé béim ar thiomantas an Rialtais do chinntiú gur féidir le gach uile phobal an téarnamh geilleagrach a thabhairt faoi deara agus go gcruthaímid athléimneacht níos fearr don todhchaí.

Is é ról mo Roinne chun forbairt gheilleagrach a éascú trí phoist agus an bonneagar a theastaíonn a chruthú chun tacú leis na poist siúd, agus chun tacú lenár bpobail chun pobail inbhuanaithe agus áiteanna a dhéanamh díobh ar mian le daoine cónaí, oibriú agus clann a thógáil aníos iontu.

Anuas ar na scéimeanna agus na cláir a sholáthraíonn an Roinn seo, oibreoimid lenár gcomhghleacaithe ar fud an Rialtais chun beartais agus tionscnaimh a sholáthar a ghlacann cur chuige iomlánaíoch a chuireann riachtanais na bpobal uile san áireamh, gan aird ar láthair ná déimeagrafaic.

Ofrálann Scéim na hÉireann 2040 deis é seo a dhéanamh tríd an Creat Pleanála Náisiúnta agus an Plean Forbartha Náisiúnta, agus tá mo Roinn ag tnúth le athnuachan tuaithe a chur chun cinn mórthimpeall na tíre trí Ciste Forbartha Tuaithe agus Aithghiniúint a bhunú

Tá sé de dhualgas orainn, chomh maith, a chinntiú go ndéantar breithniú cuí ar an gclár tuaithe agus pobail nuair a bhíonn tionscnaimh eile a dtugtar tús áite dóibh á gcur le chéile sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochtaar nós an an Plean Gnímh maidir le Poist.

Leagtar amach sa Ráiteas Straitéise seo sonraí faoin obair a dhéanfaidh mo Roinn i gcaitheamh na chéad trí bliana eile amach romhainn chun na spriocanna seo a bhaint amach, agus táim ag tnúth le hoibriú leis an Aire Stáit Seán Kyne agus leis na hoifigigh sa Roinn, anuas ar údaráis áitiúla, comhlachtaí pobail agus deonacha agus páirtithe leasmhara eile chun na cuspóirí agus spriocanna a shainaithnítear sa Straitéis seo a bhaint amach.

Michael Ring T.D.
An tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail

RÉAMHRÁ LEIS AN ARD-RÚNAÍ

Is rídheas liom Ráiteas Straitéise 2017-2020 don Roinn a chur i láthair. Is é seo an chéad cheann ó bunaíodh í i samhradh 2017.

Tá sa Roinn nua an Rannóg Gnóthaí Réigiúnach agus Tuaithe de chuid na hiar-Roinne Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta agus Rannóg Pobail na hIar-Roinne Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Anuas air sin, is í an Roinn a thabharfaidh faoi mhaoirseacht a dhéanamh anois ar an Rialtóir Carthanas.

Is é ár ráiteas misin ***"Forbairt tuaithe agus pobail a chur chun cinn agus tacú le pobail bheoga, chuimsitheacha agus inbhuanaithe ar fud na hÉireann".***

Leagtar amach sa Ráiteas Straitéise seo ár bhfís i dtaobh conas a dhearfaimid agus a chuirfimid beartais i bhfeidhm a chumasóidh pobail, iad siúd ina measc a bhfuil míbhuntáiste geilleagrach nó sóisialta i ndán dóibh chun a lánchumas a bhaint amach. Buntacóidh dhá phríomhcháipéis bheartais a chur i bhfeidhm le hobair na Roinne sna blianta amach anseo.

Lorgaíonn an Plean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe chun cúrsaí a athrú a bhaineann le ceantar tuaithe na hÉireann agus béim a leagan ar an méid a chuireann sé leis an ngeilleagar agus lenár n-aitheantas. Díríonn an Plean ar fhorbairt gheilleagrach agus shóisialta thuath na hÉireann agus na réigiún.

Leagtar amach sa Chreat Beartais um Fhorbairt Áitiúil agus Pobail in Éirinn tosaíochtaí agus creat náisiúnta le haghaidh cur chuige trasrialtais i leith feabhas a chur ar idirchaidreamh idir an rialtas náisiúnta agus áitiúil agus pobail áitiúla nuair a bhíonn beartais agus idirghabháil a dhéanann difear dóibh á bpleanáil, á soláthar agus nuair a bhíonn meastóireacht á déanamh orthu.

Léirítear sa Ráiteas na tosaíochtaí a leag tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail agus an Rialtas, ina iomláine, síos agus béim ar leith ar na gealltanais a leagtar amach sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta.

Mar Roinn nua, táimid dírithe ar struchtúir éifeachtúla seiftiúla a thógáil, chomh maith, agus tacú le rialachas tréan laistigh dár n-eagraíocht agus a gníomhaireachtaí. Cuirfidh seo ar ár gcumas gealltanais agus freagrachtaí rathúla a dhéanamh díobh agus cultúr atá dírithe ar an gcliant a fhorbairt a chinntíonn go soláthraímid sársheirbhísí don phobal.

Lorgaíomar ionchur isteach sa Ráiteas ó réimse fairsing páirtithe leasmhara, agus lorgaíomar, chomh maith, agus fuaireamar aighneachtaí ó chomhlachtaí pobail agus deonacha, a gcomhghleacaithe i Ranna eile, ár bhfoireann, agus baill den phobal. Gabhaimid buíochas le gach duine a rinne na haighneachtaí seo, agus rinneadh an breithniú cuí orthu nuair a bhí an Ráiteas seo á ullmhú.

Táim ag tnúth le hoibriú leis an Aire Ring, an tAire Stáit Kyne, agus mo chomhghleacaithe go léir sa Roinn, chun tabhairt faoi na cuspóirí a leagtar amach laistigh den Ráiteas Straitéise sna blianta amach romhainn.

Kevin McCarthy

Ard-Rúnaí

ÁR MISEAN

"Forbairt tuaithe agus pobail a chur chun cinn agus tacú le pobail bheoga, chuimsitheacha agus inbhuanaithe ar fud na hÉireann".

Ár bhFís

Is í ár bhfís go mbeidh an deis ag gach pobal dul faoi bhorradh agus forbairt gheilleagrach agus shóisialta. Lena chabhrú seo a bhaint amach, oibreoidh an Roinn ar fud an Rialtais chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Na coinníollacha a chruthú chun tacú le deiseanna méadaithe geilleagracha agus le fostaíocht áitiúil i ngach ceantar sa tír
- Scéimeanna agus cláir a sholáthar a thacaíonn le hathbheochan bailte agus sráidbhailte
- Feabhas a chur ar rochtain ar sheirbhísí agus líonraí sóisialta a chinntíonn ardchaighdeán na beatha
- A chur ar chumas pobal atá faoi mhíbhuntáiste ag a láthair nó ag saincheisteanna sóisialta chun a lánchumas a bhaint amach anois agus amach anseo
- Tacú le gach pobal a bheith in ann glór a bheith acu nuair a bhíonn a dtodhchaí féin á múnlú agus nuair a théitear i ngleic lena spriocanna coiteanna

Ár Sainchúram

Leagtar amach sa Ráiteas Straitéise seo misean agus spriocanna na Roinne sa tréimhse trí bliana amach romhainn, agus soláthraítear ann an creat le haghaidh beartas agus pleanáil um chur i bhfeidhm níos mionsonraithe ar fud na Roinne.

Áirítear le sainchúram na Roinne tacú le forbairt tuaithe agus pobail i ngach pobal ar fud na hÉireann. Is éard a bhainfidh leis seo ná meascán tionscnaimh agus gníomhartha beartais chun feabhas a chur ar fhorbairt gheilleagrach ceantar tuaithe agus uirbeach araon, agus chun dul i ngleic le heasnaimh sa fhreastal a dhéantar ar riachtanais shóisialta na gceantar siúd.

Beartas tuaithe agus pobail a chomhordú

Tosaíocht Rialtais is ea forbairt tuaithe agus pobail ina dtugann líon mór Ranna agus gníomhaireachtaí Stáit faoi obair.

Príomhfheidhm dár Roinn a bheidh i gcomhordú a dhéanamh ar fhreagairtí i measc Ranna ar riachtanais thuath na hÉireann agus pobal áitiúil agus beartas a fhorbairt atá in ainm is cur le dul chun cinn geilleagrach agus sóisialta na limistéar seo den tsochaí.

Déanfar seo trí chomhoibriú lenar gcomhghleacaithe sa Rialtas ar gach leibhéal, a airde le Coistí Comh-Aireachta agus idirchaidreamh Aire agus iad siúd ina measc, agus é mar chuspóir a chinntiú go nglacann beartas Rialtais le cur chuige iomlánaíoch a chuireann gach pobal san áireamh, gan aird ar láthair nó déimeagrafaic.

AN TIMPEALLACHT OIBRIÚCHÁIN

Bunaíodh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail i ndiaidh cinnidh a d'fhógair an Taoiseach, Leo Varadkar, a rinneadh le Dáil Éireann an 14 Meitheamh 2017, agus i ndiaidh leasú a dhéanamh ar na hAchtanna Airí agus Rúnaithe, 1924 go 2013, a rith an tOireachtas an 19 Iúil 2017.

Aistríodh ansin feidhmeanna um Fhorbairt Tuaithe agus Gnóthaí Réigiúnacha na hiar-Roinne Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta agus feidhmeanna Pobail na hiar-Roinne Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil chuig an Roinn nua.

Anuas air sin, aistríodh maoirseacht Rialtóra Carthanas ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Déanfaidh an Roinn maoirseacht ar ollchaiteachas a sháraíonn €220 milliún in 2018, agus ar líon foirne beagnach 200 i measc láithreacha i mBaile Átha Cliath, Béal an Átha agus ionaid réigiúnacha eile. Tá roinnt dúshlán amach romhainn de réir mar a théitear i ngleic leis na cúinsí uathúla a bhaineann le Roinn Rialtais nua a bhunú, ina measc siúd is suntasaí a bheith in ann leanúint lenár gclár leanúnach oibre agus ár gcórais agus nósanna imeachta oibriúcháin a chur i bhfeidhm i gcomhtráth.

Déantar an Roinn a bhunú ag tráth cinniúnach. Tá a cosa tugtha slán ag Éirinn ó na cúinsí an-dúshlánacha geilleagracha a bhí sa mhullach orainn le blianta beaga anuas. Is é an dúshlán atá romhainn anois chun leanúint leis an mbunchloch a leagan faoi fhorbairt fhadtéarmach inbhuanaithe faoin tuath in Éirinn, agus tacaíochtaí inbhraite a chur ar fáil, chomh maith, do phobail fud fad na tíre, go háirithe iad siúd atá leochaileach, faoi mhíbhuntáiste nó á n-eisiamh ar bhonn sóisialta. Tá sé an-tábhachtach, mar shochaí, go saothraímid agus go bhforbraímid acmhainní náisiúnta tuaithe agus pobail chun dul chun cinn leanúnach náisiúnta a chothú.

Glacfaidh an Roinn seo le ról tábhachtach sa tasc sin, i dtaobh a dualgas agus gealltanas féin faoin gClár do Rialtas Comhpháirtíochta, agus chun cabhrú le gníomhartha Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais eile ábhartha a chomhordú.

Anuas ar na gealltanais seo, leanfaidh an Roinn ag cur le tosaíochtaí eile Rialtais agus ag freagairt ar dhúshláin atá roimh an tír i gcaitheamh shaolré an Ráitis seo. Áirítear leo seo:

- Borradh geilleagrach agus dul i ngleic le neamhchothroime sa téarnamh go dtí seo
- Brexit agus an tionchar féideartha a d'fhéadfadh sé imirt ar gheilleagar agus sochaí na hÉireann
- Forbairt réigiúnach agus an Creat Pleanála Náisiúnta
- Plean Forbartha Náisiúnta 2018-2027
- Athchóiriú Rialtais Áitiúil
- Forbairtí AE agus idirnáisiúnta eile
- Oiriúnú do agus úsáid a bhaint as dul chun cinn sa teicneolaíocht

Anuas air sin, treoraíonn roinnt prionsabal na Ranna go léir sa timpeallacht reatha, ina measc:

Comhpháirtíocht éifeachtach

- Déanfaimid comhpháirtíochtaí dearfacha a chruthú agus a chothú lenár bpríomhpháirtithe leasmhara lena chinntiú go leanaimid le comhsheasmhacht agus cáilíocht a bhaint amach inár bhfeidhmíocht, agus go soláthraímid luach ar airgead don phobal.
- Tá sainordú trasrialtais againn ina ndéantar idirchaidreamh ar gach leibhéal de shochaí na hÉireann, ón saoránach go dtí an rialtas láir, agus is é ár n-uaillmhian chun cultúr comhtháirgthe a chruthú leis na páirtithe leasmhara siúd, a shainmhínítear[1] mar "Seirbhísí poiblí a sholáthar i gcaidreamh cothrom agus cómhalartach idir gairmithe, daoine a úsáideann seirbhísí, a dteaghlaigh agus a gcomharsana".

Oiriúnú agus Nuáil

- Gné lárnach i sochaí na hÉireann is ea athrú agus i bhforbairt seirbhíse poiblí na sochaí sin agus tugtar faoi deara é i spriocanna beartais na Roinne agus sa bhealach a lorgaímid chun na spriocanna siúd a bhaint amach a fheabhas agus is féidir.
- Tá sa Phlean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus sa Chreat Beartais um Fhorbairt Áitiúil agus Pobail in Éirinn cur chuige leagtha amach chun athruithe breise a dhéanamh ar an mbealach a dhearaimid agus a sholáthraímid seirbhísí do phobail.
- Ina theannta sin, leanfaidh an Roinn a bheith tiomanta don phróiseas lena mbaineann Athchóiriú Seirbhíse Poiblí leanúnach, tríd an gcreat a sholáthraítear i bPlean Athnuachana na Státseirbhíse agus sa Phlean Seirbhíse Poiblí, Ár Seirbhís Phoiblí 2020.

Dea-rialáil

- Tá fáil ar shonraí iomlána faoi bheartais agus nósanna imeachta a bhaineann leis an Roinn, treoirlínte comhlíonta, soláthair, iniúchóireachta agus um chosaint sonraí ina measc, inár gCreat Rialachais Chorparáidigh, atá foilsithe ar ár láithreán gréasáin.
- Ullmhóidh agus coimeádfaidh Coiste Rioscaí clár rioscaí mar chuid de straitéis fhoriomlán le haghaidh bainistíocht riosca laistigh den Roinn.
- Chomh maith leis sin, oibreoimid le comhlachtaí faoinár gcoimirce chun tacú le cur i bhfeidhm an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.
- Tá an Roinn tiomanta do chomhlíonadh na rialacha ginearálta fioscacha agus na dteorainneacha caiteachais a leagtar amach faoin gcreat fioscach. Teastaíonn straitéisí follasacha uaidh seo chun luach ar airgead a bhaint amach agus chun oibriú lena chinntiú gurb ann do chórais fheabhsaithe leithdháilte acmhainní.

[1] Boyle agus Harris, 2009 – The Challenge of Co-production

- Cuirfidh an Roinn a dualgas earnála poiblí i bhfeidhm faoi Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas chun idirdhealú a dhíothú, comhionannas deiseanna agus cóir chomhionann a chur chun cinn, agus chun cearta daonna a chosaint. Rachaidh an Roinn i ngleic le comhionannas ina pleanáil, beartais agus cleachtais straitéiseacha, agus ina tuarascálacha bliantúla.
- Tá an Roinn faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise (SF) agus na rialachán um Rochtain ar Fhaisnéis faoin Timpeallacht (RFT) agus caithfidh sí na ceanglais reachtúla go léir maidir le hiarrataí ar SF agus RFT a fhreagairt a chomhlíonadh. Foilsítear faisnéis faoi conas iarraidh ar SF a dhéanamh ar láithreán gréasáin na Roinne sa mhullach ar sheoltaí poist agus seoltaí ríomhphoist ar féidir na hiarrataí seo a sheoladh chucu.
- Tá an Roinn tiomanta, chomh maith, do sheirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar i nGaeilge agus/nó go dátheangach dá custaiméirí go léir. Ullmhófar Scéim Teanga/Gaeilge i gcomhréir le hAlt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, ina leagfar amach na gealltanais thar ceann na Roinne agus na foirne chun seirbhísí a fhorbairt dár gcustaiméirí trí Ghaeilge agus limistéir a shainaithint ar a gcuirfear barr feabhais amach anseo.
- Mar chuid dá gealltanas chun seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a sholáthar, beartaíonn an Roinn Cairt Chustaiméirí a chur i dtoll a chéile ar aon dul le Tionscnamh um Chairt Chustaiméirí na seirbhíse poiblí.

Chomh maith leis sin, déanann Fís, Misean agus Luachanna na Státseirbhíse ár n-obair a threorú.

FÍS:

- Seirbhís den chéad scoth a sholáthar don Stát agus do mhuintir na hÉireann.

MISEAN:

- Comhairle oibiachtúil agus atá bunaithe ar fhianaise a chur ar fáil don Rialtas, freagairt ar fhorbairtí, agus cuspóirí Rialtais a sholáthar agus bheith meáite i gcomhthráth chun torthaí optamacha a bhaint amach ar mhaithe le leas náisiúnta san fhadtéarma.
- Freastal ar shaoránaigh agus páirtithe leasmhara go héifeachtúil, go cothrom agus le meas, i gcóras atá oscailte, trédhearcach agus cuntasach.

LUACHANNA:

- Éiteas seirbhíse poiblí de neamhspleáchas, iomláine, neamhchlaonadh, comhionannas, cothroime agus de mheas atá fréamhaithe go daingean.
- Cultúr cuntasachta, éifeachtúlachta agus luach ar airgead. Na caighdeáin is airde de ghairmiúlacht, ceannaireacht agus de dhéine.

ÁR SPRIOCANNA STRAITÉISEACHA

1. Oibriú ar fud an Rialtais chun forbairt gheilleagrach agus shóisialta ceantar tuaithe a chur chun cinn chun barr feabhais a chur ar chaighdeán na beatha do dhaoine a chónaíonn faoin tuath in Éirinn.
2. Cur le forbairt réigiúnach bharrfheabhsaithe, ag féachaint le hacmhainní gach réigiúin a threisiú chun cur le téarnamh geilleagrach.
3. Tacú le pobail áitiúla chun forbairt a dhéanamh, agus a chur ar a gcumas a riachtanais agus a n-uaillmhianta a shainaithint agus na deiseanna, scileanna agus muinín a sholáthar dóibh chun tionchar a imirt ar phróisis chinnteoireachta a dhéanann difear dóibh agus iad a mhúnlú agus páirt a ghlacadh iontu.
4. Tacú leis an Earnáil Phobail, Dheonach agus Carthanas chun na hacmhainní atá aici a threisiú chun cur leis an tsochaí shibhialta agus tacú le borradh agus forbairt an daonchairdis.

Bainfear na spriocanna seo amach trí na cumasóirí seo a leanas, a mínítear thíos iad:

1. **Ár gceapadh beartais a threisiú**
    - Cinnteoimid go dtreoraíonn creat beartais daingean obair na Roinne ina gcuimsítear ár gcláir agus cinnteoimid go bhfuil sé curtha ar an eolas ag fianaise agus go dtacaíonn sé le tionscnaimh bheartais trasrialtais.

2. **Soláthar seirbhíse a fheabhsú**
    - Díreoimid ar réimse fairsing scéimeanna agus tacaíochtaí na Roinne chun torthaí a uasmhéadú, fad a leanaimid le hathbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar ár bhfeidhmíocht agus sinn ag cinntiú go bhfuil na seirbhísí is fearr á soláthar againn dár bpáirtithe leasmhara agus don phobal i gcoitinne.

3. **Monatóireacht, meastóireacht agus taighde méadaithe**
    - Déanfaimid meastóireacht straitéiseach ar obair uile na Roinne ar bhonn leanúnach, agus úsáid á baint as na sonraí agus an taighde go léir atá ar fáil, lena chinntiú go dtuigtear go hiomlán tionchar ár n-oibre ar phobail.

4. **Idirchaidreamh barrfheabhsaithe**
    - Lorgóimid chun ár n-idirghníomhú le réimse fairsing de chumasóirí a fhorbairt, idir caidreamh comhthorthúil a chruthú le grúpaí pobail agus údaráis áitiúla agus oibriú le Ranna, gníomhaireachtaí agus baill eile den phobal chun cabhrú le cumas a shaothrú laistigh de phobail.

5. **Ár n-eagraíocht a thógáil agus a fhorbairt**
    - Trí infheistiú inár ndaoine
    - Trí chumarsáid níos fearr
    - Trínár gcórais agus nósanna imeachta a fhorbairt

TRÍNÁR GCEAPADH BEARTAIS A THREISIÚ

Soláthraítear i dTionscnamh na hÉireann 2040 (Creat Pleanála Náisiúnta agus Plean Forbartha Náisiúnta 2018-2027), sa Phlean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus an Creat Beartais um Fhorbairt Áitiúil agus Pobail in Éirinn an príomhbhonn beartais d'obair na Roinne, agus léirítear iontu aistriú i dtreo cur chuige níos réamhghníomhaí i leith forbairt tuaithe agus pobail.

Tugann siad cur chuige níos straitéisí agus comhordaithe isteach i measc an Rialtais i dtaobh na gcuspóirí seo, lena dtacaíonn gníomhartha inbhraite.

Ar aon dul leis na cáipéisí beartais seo, leanfaidh an Roinn le limistéir nua bheartais a fhiosrú chun cur le hobair atá ar bun ar fud an Rialtais agus é a chur chun cinn.

Áireofar an méid seo a leanas lenár n-obair:

- Bainteacht an phobail a fhorbairt
    - Tacú leis an earnáil Phobail agus Dheonach
    - Daonlathas áitiúil agus saoránacht ghníomhach a spreagadh
    - Barr feabhais a chur ar an gcáil atá ar pháirtithe leasmhara san earnáil Phobail agus Dheonach trí chúnamh a thabhairt d'fheabhsúcháin ar chaighdeáin rialachais
    - Cuimsiú sóisialta a chur chun cinn
    - Oibriú i gcomhar le páirtithe leasmhara, earnáil an Rialtais Áitiúil ina measc, i bhforbairt agus cur i bhfeidhm beartais.

- Forbairt tuaithe agus réigiúnach gheilleagrach
    - Anuas ar na beartais reatha gheilleagracha agus shóisialta laistigh den Phlean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe, tá príomhról le comhlíonadh ag an Roinn i roinnt príomhcholúin trasrialtais, ina measc siúd is suntasaí, an Plean Gnímh maidir le Poist, agus an Creat Pleanála Náisiúnta.

- Brexit
    - De réir mar a éiríonn tionchar chinneadh na Ríochta Aontaithe chun an tAontas Eorpach a fhágáil níos soiléire, leanfaimid ag oibriú lenár gcomhghleacaithe sa Rialtas lena chinntiú go n-íoslaghdaítear éifeachtaí Brexit ar Éirinn.
    - Anuas air sin, cothóimid idirchaidreamh trasteorann leis na hoifigigh ábhartha i dTuaisceart Éireann agus sa Ríocht Aontaithe maidir le saincheisteanna Brexit, agus ar chomhoibriú uile-Oileáin a chur chun cinn go ginearálta.

- Caighdeán na beatha inbhuanaithe
    - Comhlíonann an Roinn príomhról chun cabhrú le pobail chun na conláistí áitiúla a fhorbairt a dhéanann áiteanna inbhuanaithe le cónaí iontu de bhailte agus sráidbhailte, seachas díreach áiteanna cónaithe.

SOLÁTHAR SEIRBHÍSE A FHEABHSÚ

Tá an Roinn tiomanta don rath a bhaint amach do gach ceann dá cláir, scéimeanna agus gealltanais reatha faoin gClár do Rialtas Comhpháirtíochta agus beidh sí cromtha ar a chinntiú go soláthraítear na beartais reatha agus amach anseo go léir go hiomlán agus chun an éifeacht uasta a bhaint amach.

Tugaimid ár gcéad tús áite d'ailíniú, comhdhlúthú agus imeascadh níos fearr clár a chinntiú ar fud na Roinne, agus díreoimid, chomh maith, ar chur chuige trasrannach agus Rialtais iomláin ag féachaint le tionchar agus éifeachtacht níos fearr a bhaint amach i dtabhairt faoinár dtacaíochtaí do phobail.

Chun seo a éascú, déanfaimid an méid seo a leanas:

- Cláir a dhearadh agus a sholáthar a bhfuil mar chroíchuspóir acu an tionchar is fearr agus is féidir a imirt ar shaoránaigh agus pobail, an pobal gnó ina measc.

- Glacadh le ról ceannaireachta trí leanúint leis na pointí polasaí a chur i bhfeidhm a leagtar amach i dTionscnamh na hÉireann 2040 sa Phlean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus sa Chreat Beartais um Fhorbairt Áitiúil agus Pobail agus trí ghníomhú mar mhaor dár ngníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara chun rochtain a fháil ar a scéimeanna agus cláir agus iad a thabhairt isteach.

- Ár n-obair a ailíniú lenár gcomhghleacaithe i Ranna Rialtais eile
    - Gníomhaíonn an Roinn as lámh le comhghleacaithe i measc réimse fairsing de Ranna Rialtais agus tá súil aici deiseanna breise a thapú chun tabhairt faoi chuspóirí beartais Rialtais ina measc, ach gan bheith teoranta dóibh, an Plean Gnímh maidir le Poist, an Creat Pleanála Náisiúnta agus an Plean Náisiúnta Leathanbhanda.

- Ár gcláir agus scéimeanna reatha a chomhdhlúthú
    - Tá sinéirgí tréana ann idir go leor de na scéimeanna faoina dtugann Rannáin Tuaithe agus Phobail na Roinne. Tá acmhainn shuntasach ann chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht an bhealaigh a chuirtear na scéimeanna seo ar fáil agus chun aistriú i dtreo creat beartais uileghabhálach a chruthú chun scéimeanna a sholáthar ar fud na Roinne.

MONATÓIREACHT, MEASTÓIREACHT AGUS TAIGHDE MÉADAITHE

Déanfar athbhreithniú cúramach ar thorthaí bheartas agus thionscnaimh na Roinne chun tuiscint níos fearr a fháil ar thionchar agus éifeachtacht ár n-oibre. Aithnímid, chomh maith, go bhfuil gá ann atá ag dul i méid le húsáid a bhaint as sonraí reatha chun tacú le cinnteoireacht níos fearr agus le soláthar éifeachtach réimse seirbhísí, seirbhísí nua digiteacha ina measc.

Déanfaimid an méid seo a leanas:

- Monatóireacht ar sholáthar ár scéimeanna agus clár ar bhonn leanúnach agus léireofar dul chun cinn ar chur i bhfeidhm tosaíochtaí straitéiseacha a leagtar amach sa Ráiteas Straitéise seo inár dtuarascálacha bliantúla, anuas ar thuarascálacha níos rialta ina sonrófar dul chun cinn faoin bPlean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe.

- Gealltanas a thabhairt go dtabharfaimid faoi mheastóireacht leanúnach straitéiseach ar ár gcláir agus scéimeanna agus go mbainfimid úsáid as taighde nua agus reatha.

- Scrúdú ar shonraí atá ar fáil a soláthraíodh don Roinn agus dá gníomhaireachtaí d'fhonn an méid seo a leanas a dhéanamh:
    - Níos mó a fhoghlaim faoi earnálacha shochaí na hÉireann ar a ndíríonn cláir agus beartais shonracha agus tionchar na gclár siúd ar an saol sna pobail siúd.
    - Tacú le cinnteoireacht níos fearr agus ceapadh beartais a threisiú.
    - Barr feabhais a chur ar phleanáil agus soláthar áitiúil.
    - Feabhas a chur ar na bealaí a thomhaisimid aschur chun sonraí a sholáthar ar féidir leo tacú le torthaí níos fearr ar fud an Rialtais.

IDIRCHAIDREAMH BARRFHEABHSAITHE

Soláthraíonn an Roinn príomhchainéal idir Rialtas agus réimse d'eagraíochtaí náisiúnta, áitiúla agus pobail, agus tá sainordú aici, chomh maith leis sin, chun príomhról a ghlacadh sa ghealltanas trasrialtais chun tacú le forbairt gheilleagrach agus shóisialta chodanna tuaithe na hÉireann.

Tá de chuspóir againn seo a dhéanamh tríd an méid a leanas a dhéanamh:

- Ár naisc leis an earnáil phobail agus dheonach a fhorbairt.
    - Tá idirphlé ríthábhachtach ag an Roinn leis an earnáil phobail agus dheonach. Is í ár n-uaillmhian ról eagraíochtaí áitiúla a bhunú go daingean agus chun comhoibriú méadaithe a chur chun cinn idir páirtithe leasmhara ar gach leibhéal.

- Caidreamh a chruthú le grúpaí pobail a spreagann rannpháirtíocht ar leibhéal áitiúil.
    - Éascóidh an Roinn comhfhorbairt freagairtí ar shaincheisteanna forbartha tuaithe agus pobail, tacóidh sí le ról na hoibre deonaí agus le forbairt tacaíochtaí faoi stiúir an phobail trí Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí agus Coistí Forbartha Pobail Áitiúil agus eagraíochtaí áitiúla eile.

- Bheith bainteach i gceapadh beartais trasrialtais.
    - Is féidir leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail príomh-rannchuidiú a thabhairt chun tionchar a imirt ar bheartas agus a chinntiú go léirítear ár gcur chuige i leith oibriú le pobail ar fud an Rialtais.

- Idirchaidreamh leanúnach a dhéanamh le húdaráis áitiúla, ár ngníomhaireachtaí agus príomhpháirtithe leasmhara eile de chuid na Roinne. Leanfaidh an Roinn, chomh maith leis sin, lena caidreamh a fhorbairt le páirtithe leasmhara i dTuaisceart Éireann agus ar leibhéal an AE.

- Caidreamh a fhorbairt leis an bpobal taighde, an saol acadúil agus ionadaithe gnó chun eolas ar chur ar fáil do bheartas agus cleachtas.

ÁR N-EAGRAÍOCHT A THÓGÁIL AGUS A FHORBAIRT

Bronnadh sainordú tábhachtach ar an Roinn, ach tá go leor dúshláin uathúla roimpi, chomh maith, mar eagraíocht nua a bunaíodh in Iúil 2017. Tá obair mhúnlaitheach ar bun, bainistiú a dhéanamh ar na próisis lóistíochtúla ina measc a bhaineann le Roinn nua fheidhmiúil a bhunú a oibríonn le foireann atá roinnte nach mór go cothrom idir láithreacha i mBaile Átha Cliath agus Béal an Átha, agus ina bhfuil foireann bhreise lonnaithe in ionaid réigiúnacha eile. Áirítear leis seo acmhainn chorparáideach na heagraíochta agus próiseas suntasach earcaíochta foirne.

INFHEISTIÚ INÁR NDAOINE

Is í ár bhfoireann, gan amhras, an acmhainn is tábhachtaí agus is luachmhaire atá againn. Caithfimid an tacaíocht is fearr a thabhairt dóibh is féidir linn trí thacaíochtaí éifeachtacha foghlama agus forbartha, piarthacaíochtaí agus meantóireacht. Teastóidh ón bhfoireann thaithíoch, chomh maith, an oiliúint agus an uasoiliúint chuí chun aistriú chuig a róil nua agus go dtacófar leo lena ndualgais bhainistíochta. Aithnímid an luach agus an phríomh-rannchuidiú a thug ár bhfoireann i dtabhairt faoinár spriocanna agus ag freastal ar phobail.

I dtaobh soláthar éifeachtach gnó, teastaíonn uainn na daoine cearta a bheith againn a bhfuil na scileanna cearta acu san áit cheart ag an am ceart chun tosaíochtaí na Roinne a sholáthar. Is gá dúinn na saincheisteanna criticiúla a shainaithint ar gá dul i ngleic leo sna blianta amach romhainn lena chur ar chumas na Roinne tabhairt faoina tosaíochtaí.

Forbrófar Straitéis Acmhainní Daonna nua chun tacú leis an Ráiteas Straitéise seo agus déanfaidh seo an méid seo a leanas:

- Acmhainní atá le cur ar fáil agus riachtanais scileanna amach anseo a shainaithint agus a chuireann iad siúd ar fáil don fhoireann go léir, gan aird ar láthair.
- Breithniú ar phleanáil comharbais agus bainistíocht tallainne ag féachaint do na dúshláin a chruthaíonn próifíl dhéimeagrafach na foirne.
- Tacú le neartú saineolais ghairmiúil laistigh d'fheidhmeanna corparáideacha.
- Beartais a fhorbairt a bhaineann le luaineacht, foghlaim agus forbairt, bainistíocht feidhmíochta agus saincheisteanna eile a shainaithnítear i Straitéis Acmhainní Daonna na Státseirbhíse.
- Scéimeanna um aithint foirne a chur chun cinn agus a bharrfheabhsú agus folláine an duine aonair a aithint mar phríomhghné san ionad oibre.
- Líonraí foirne a chruthú chun faisnéis a roinnt/eolas a aistriú idir aonaid agus córais bhunaithe le haghaidh piarthacaíochta a sholáthar don fhoireann.
- Monatóireacht agus nuashonrú leanúnach a dhéanamh ar ár bpleananna acmhainní daonna lena chinntiú go bhfuil siad ar aon dul le tosaíochtaí athraitheacha gnó na Roinne.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar ár struchtúir mhonatóireachta agus idirchaidrimh chun tionchar acmhainn agus rannpháirtíocht na foirne a uasmhéadú.
-

CUMARSÁID NÍOS FEARR

Tá an Roinn rí-airdeallach ar an tábhacht a bhaineann lena teachtaireacht a chur in iúl, go seachtrach dá cliaint, custaiméirí agus páirtithe leasmhara agus go hinmheánach i masc a foirne agus ár ngníomhaireachtaí.

Chun línte dea-shainithe agus indéanta cumarsáide a chur i bhfeidhm, déanfaimid an méid seo a leanas:

- Feabhas a chur ar chumarsáid leis an bpobal anuas ar Ranna agus gníomhaireachtaí eile agus leis na páirtithe leasmhara ábhartha go léir.
- An úsáid a bhaintear as na foirmeacha go léir de mheáin a a fhiosrú chun feasacht ar obair na Roinne a mhéadú agus conas is féidir leis tacú le agus tionchar a imirt ar ár saoránaigh.
- Leanúint ag oibriú le hAonad nua Cumarsáide Straitéisí an Rialtais chun feabhas a chur ar straitéisí cumarsáide seachtraí agus éifeachtacht fheachtais na Roinne a uasmhéadú.
- Leanúint ag díriú ar agus comhoibriú maith idir-rannach agus idirghníomhaireachta a chothú agus a chinntiú go bhfuil na socruithe cuí i bhfeidhm le haghaidh cumarsáid éifeachtach agus chun tuiscint chomhpháirteach ar thosaíochtaí agus idirspleáchas a chur chun cinn.
- Comhoibriú níos fearr inmheánach a bhunú idir aonaid ghnó chun soiléireacht a chruthú in obair na Roinne do na páirtithe leasmhara go léir.
- Cumarsáid leis an bhfoireann go hinmheánach a mhéadú, trí chóras inlín, ceardlanna foirne agus tionscnaimh eile a fhorbairt.

GNÓTHACHAIN A CHUN CHUN CINN TRÍ CHÓRAIS AGUS NÓSANNA IMEACHTA

Ar cheann de na buntascanna atá ar an Roinn nua a shárú, tá nósanna imeachta dea-rialachais a bhunú i ndáil le córais agus oibríochtaí.

Anuas ar riachtanais Rialachais Chorparáidigh, cloífidh an Roinn le gach treoirlíne ábhartha de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i dtaobh bainistíocht airgeadais, acmhainní daonna, soláthar agus comhlíonadh airgeadais.

Fiosróidh an Roinn an úsáid a bhaintear as teicneolaíocht nua agus tabharfaidh sí faoi anailís leanúnach lena chinntiú go ndéantar teicneolaíochtaí reatha a chothabháil agus a oiriúnú chun éifeachtúlacht uasta a bhaint amach agus chun feabhas a chur ar tháirgiúlacht laistigh den Roinn.

Cabhróidh ár láithreacht ar líne leis seo agus an t-aistriú chuig an ardán Gov.ie, atá á stiúradh ag Roinn an Taoisigh. Beidh bainistíocht chúramach agus obair bhuíne ag teastáil ón aistriú seo, anuas ar chumarsáid leanúnach agus éifeachtach inmheánach.

Aistreofar ár seirbhísí TFC chuig Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais (OPOFR), arb aistriú é ina ndéanfar comhoibriú ar fud na Roinne chun an próiseas athraithe a chur i bhfeidhm agus chun bainistíocht a dhéanamh ar na rioscaí lena mbaineann. Tá sainchúram fairsing ag an OPOFR lena n-áirítear cur i bhfeidhm Straitéis TFC na Seirbhíse Poiblí a stiúradh – torthaí níos fearr agus éifeachtúlacht a sholáthar trí nuálaíocht agus sármhaitheas sa TFC – a chuimsíonn cúig cholún, ina measc ‘Tógáil le Roinnt’ (Build to Share), ‘Tús Áite do Chúrsaí Digiteacha’ (Digital First), ‘Sonraí mar Chumasóir’ (Data as an Enabler), Feabhas a chur ar Rialachas agus Cumas a Mhéadú.

ÁR SPRIOCANNA A BHAINT AMACH

SPRIOC STRAITÉISEACH 1:
FORBAIRT GHEILLEAGRACH AGUS SHÓISIALTA CEANTAR TUAITHE A CHUR CHUN CINN

CUSPÓIRÍ

Cumas geilleagrach thuath na hÉireann a shaothrú agus feabhas a chur ar chaighdeán beatha daoine a chónaíonn i gceantair thuaithe trí chur chuige Rialtais iomláin faoi chreat an Phlean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe.

Cur le cur chun cinn na forbartha fadtéarmaí inbhuanaithe geilleagraí agus sóisialta ar fud thuath na hÉireann trí bhreisfhorbairt a dhéanamh ar bheartas agus cláir a sholáthar go díreach chun tacú le forbairt tuaithe.

Feabhas a chur ar nascacht guthán póca agus leathanbhanda faoin tuath in Éirinn chun tacú le forbairt gheilleagrach agus shóisialta i ngach réigiún.

GNÍOMHARTHA

Maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe ar fud an Rialtais agus tuarascálacha rialta a fhoilsiú ar dhul chun cinn i dtaobh an Plean a sholáthar.

Ciste Aithghiniúint agus Forbartha Tuaithe nua a bhunú le hathnuachan tuaithe a chur chun cinn thar tréimhse an Phlean Forbartha Náisiúnta 2018-2027.

Réimse scéimeanna agus tionscnamh a sholáthar chun tacú le forbairt tuaithe, ina measc LEADER, an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte, an Scéim Bonneagar Áineasa Tuaithe agus comórtas na mBailte Slachtmhara.

Athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht na scéimeanna seo ar bhonn leanúnach.

Beartas Náisiúnta a fhoilsiú ar Fhiontraíocht Shóisialta agus maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an bheartais.

Creat beartais daingean a fhorbairt ar mhaithe le háineas tuaithe agus faoin tuath.

Moltaí Thuarascáil an Tascfhórsa Guthán Póca agus Leathanbhanda a chur i bhfeidhm.

Oibriú le hÚdaráis Áitiúla chun ullmhú do leathanbhanda ardluais a thabhairt isteach agus é a éascú faoi Phlean Náisiúnta Leathanbhanda an Rialtais agus chun na tairbhí a chruthaíonn leathanbhanda do phobail agus gnólachtaí áitiúla a uasmhéadú.

SPRIOC STRAITÉISEACH 2:
CUR LE FORBAIRT RÉIGIÚNACH BHARRFHEABHSAITHE

CUSPÓIRÍ

An togra le haghaidh limistéar Chonair Gheilleagrach an Atlantaigh (CGA) a chur chun cinn feadh bhord farraige an iarthair chun infheistíocht phríobháideach a mhealladh agus tacú le forbairt gheilleagrach an réigiúin.

Tacú le cuspóirí an Chreata Pleanála Náisiúnta chun borradh níos inbhuanaithe a bhaint amach i measc réigiúin uile na hÉireann.

Ról Choimisiún Forbartha an Iarthair a threisiú chun cur le cuspóirí réigiúnacha agus náisiúnta beartais.

GNÍOMHARTHA

Oibriú le príomhpháirtithe leasmhara sna hearnálacha gnó agus poiblí trí Thascfhórsa Chonair Gheilleagrach an Atlantaigh chun togra Chonair Gheilleagrach an Atlantaigh a fhorbairt.

Cuspóirí thionscnamh Chonair Gheilleagrach an Atlantaigh a chur in iúl do chinnteoirí chun feasacht a mhúscailt ar an tairiscint réigiúnach i limistéar Chonair Gheilleagrach an Atlantaigh.

A chinntiú go gcuireann ár mbeartais agus cláir le cur i bhfeidhm an Chreata Pleanála Náisiúnta.

Oibriú leis na Tionóil Réigiúnacha agus Údaráis Áitiúla chun a Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Geilleagracha agus a bPleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail a fhorbairt.

Idirchaidreamh a dhéanamh le Bord agus Feidhmeannacht Choimisiún Forbartha an Iarthair (CFI) chun a ról a threisiú chun forbairt gheilleagrach agus shóisialta i réigiún an Iarthair a chur chun cinn agus chun limistéir a shainaithint le bheith bainteach iontu i gcuspóirí beartais réigiúnacha agus náisiúnta.

SPRIOC STRAITÉISEACH 3:
TACÚ LE POBAIL ÁITIÚLA FORBAIRT

CUSPÓIRÍ

Idirchaidreamh a dhéanamh le páirtithe leasmhara chun fís uileghabhálach a fhorbairt ar mhaithe le forbairt áitiúil agus pobail amach anseo in Éirinn

An tseirbhís leabharlainne a fhorbairt mar thacaíocht ríthábhachtach shóisialta do phobail

Barr feabhais a chur ar Choistí Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁanna)

An Clár Gníomhachtaithe Cuimsithe Shóisialta agus Pobail (an CGCSP) 2018-2022 a thabhairt isteach.

Tacaíochtaí a sholáthar do phobail atá faoi mhíbhuntáiste mór i gceantair uirbeacha chun dul i ngleic lena ndúshláin shonracha

GNÍOMHARTHA

Plean um chur i bhfeidhm cúig bliana a fhorbairt don Chreat Beartais um Fhorbairt Áitiúil agus Pobail in Éirinn

Straitéis do Leabharlanna a fhoilsiú 2018-2022

An t-athbhreithniú ar Choistí Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁanna) a chur i gcrích

Clár tacaíochtaí do CFPÁanna a fhorbairt san idirchaidreamh a dhéanann siad le pobail agus a mbainistíocht agus sna scéimeanna agus cláir atá cistithe ag an Rialtas a sholáthraíonn siad

Athbhreithniú a dhéanamh ar an gClár Seirbhísí Pobail

Oibriú le CFPÁanna, Pobal agus Clárfheidhmeoirí lena chinntiú go ndéantar an CGCSP 2018-2022 a thabhairt isteach agus a chur i bhfeidhm gan uaim.

Athbhreithniú a dhéanamh ar Scéimeanna RAPID agus Saoráidí Pobail chun a n-éifeachtacht i ndul i ngleic le riachtanais phobail a optamú.

Cur le hobair Ghrúpa Maoirseachta Lár na Cathrach Thoir Thuaidh sa chur i bhfeidhm a dhéanann sé ar Thuarascáil Mulvey

SPRIOC STRAITÉISEACH 4:
TACÚ LEIS AN EARNÁIL PHOBAIL, DHEONACH AGUS CHARTHANAS

CUSPÓIRÍ

Ról oibrithe deonacha sa tsochaí shibhialta a fhairsingiú agus tacú leis

Saoránacht ghníomhach a spreagadh ar leibhéal áitiúil, trí na Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí

Tacú le borradh agus forbairt an daonchairdis

A chinntiú go bhfuil dea-chleachtas le sonrú i rialachas, bainistíocht agus riar carthanas

GNÍOMHARTHA

Straitéis náisiúnta a fhorbairt maidir le hoibriú go deonach

Leanúint ag tacú le hIonaid Oibre Deonaí agus le hIonaid um Fhaisnéis Dheonacha

Athbhreithniú a dhéanamh ar rialacháin Shábháilteacht Uisce na hÉireann

Acmhainn na Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí (na LRPanna) a fhorbairt i gcomhar leis an nGrúpa Comhairleach Náisiúnta

Leanúint le hidirchaidreamh rialta a dhéanamh le gach páirtí leasmhar sna hearnálacha Pobail, Deonacha agus Carthanas

Deiseanna féideartha a fhiosrú chun comhoibriú a bhaint amach idir an Rialtas agus daonchairdeas

Conradh nua a thabhairt chun críche le haghaidh Chiste Nuálaíochta Sóisialta na hÉireann

Maoirseacht straitéiseach agus beartais a sholáthar don Rialtóir Carthanas

Acht na gCarthanas, 2009 a leasú

An Rialtóir Carthanas
www.charitiesregulator.ie

Is é an Rialtóir Carthanas rialtóir náisiúnta reachtúil na hÉireann le haghaidh eagraíochtaí carthanachta. Coimeádann sé clár poiblí de gach eagraíocht charthanachta in Éirinn agus cinntíonn sé go mbaineann siad comhlíonadh reachtúil amach. Chomh maith leis sin, déanann sé dea-chleachtas a chur chun cinn agus tacú leis san earnáil charthanachta.

Sábháilteacht Uisce na hÉireann
www.iws.ie

Cuireann an Roinn maoirseacht agus tacaíocht ar fáil do Shábháilteacht Uisce na hÉireann ina misean chun an líon básanna trí bhá, trí oideachas méadaithe, teagasc agus bearta feasachta poiblí.

Pobal
www.pobal.ie

Oibríonn Pobal thar ceann an Rialtais chun roinnt clár a chistítear go poiblí a bhainistiú agus a chur i bhfeidhm atá in ainm is feabhas a chur ar thorthaí do phobail áitiúla, go háirithe iad siúd a bhíonn thíos le míbhuntáiste sóisialta agus geilleagrach.

Coimisiún Forbartha an Iarthair
www.wdc.ie

Comhlacht reachtúil is ea Coimisiún Forbartha an Iarthair (CFI) a bunaíodh chun forbairt shóisialta agus gheilleagrach araon a chur chun cinn i Réigiún an Iarthair (Dún na nGall, Liatroim, Sligeach, Maigh Eo, Ros Comáin, Gaillimh agus an Clár). Cinntíonn sé go ndírítear beartas Rialtais ar fheabhas a chur ar an gcás sóisialta agus geilleagrach sa réigiún, trí thacú le tionscadail i réimse fairsing earnálacha. Chomh maith leis sin, déanann sé bainistiú ar Chiste Infheistíochta an CFI chun iasachtaí agus gnáthscair a sholáthar do ghnólachtaí agus pobail áitiúla san Iarthar.

ÁR STRUCHTÚR